AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2000

191
M49T

**SCRÚDUIMHIR** ☛

# CEOL - GNÁTHLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 3.30

STAMPA AN IONAID

(Centre Stamp)

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobhtar do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna cuí san fhreagarleabhar seo.*
- *Is féidir leas a bhaint as na spásanna i ndeireadh an fhreagarleabhair do shracobair.*

**Freagair DHÁ cheist - CEANN AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus CEANN AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 MARC)

*Gan ach* CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo* - C1 *nó* C2 *nó* C3. *Tabhair faoi deara go bhfuil dhá chuid in C1 agus C3.*

### C1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

I gcás (a) *agus* (b),

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléaschorda i.e. dó.
- Cuir isteach comharthaí mothúcháin.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach do gach séis ón liosta a thugtar:

(a) ❐ fliúit ❐ cláirnéid ❐ trumpa ❐ fliúit Shasanach fhorshéise ❐ corn Francach

**Moderato (ar luas meánach)**



(b) ❐ fliúit ❐ cláirnéid ❐ trumpa ❐ fliúit Shasanach fhorshéise ❐ corn Francach

**Allegro (go mear)**




**(40)**


## C2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Seo a leanas sliocht as an dán *Siar a Raghadsa* le Máirtín Ó Direáin:

> Siar a raghadsa féin
>
> Go hoileán mara i gcéin
>
> Ar theacht an fhómhair bhuí
>
> Le háthas is aiteas croí.

- Cum rithim a d'oirfeadh do na focail atá fágtha (tugtar an chéad dá líne).








Ar theacht an fhó - mhair bhuí

Le há - thas is ait - eas croí.

- Agus úsáid á baint agat as an rithim seo, cum séis ocht mbarra a thosaíonn mar a thaispeántar agus a chríochnaíonn ar an ngléasnóta nó dó.

- Cuir isteach míriú agus comharthaí mothúcháin.




**(40)**


## C3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM RINCE A THUGTAR

Freagair (a) *agus* (b)

(a) Déan staidéar ar an oscailt válsa seo thíos.

- Comhlánaigh an chéad mhír.
- Cum mír fhreagrach a chríochnaíonn ar an ngléasnóta i.e. dó.
- Cuir isteach comharthaí mothúcháin.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach do do shéis ón liosta seo a leanas:

☐ fliúit ☐ cláirnéid ☐ trumpa ☐ fliúit Shasanach fhorshéise ☐ corn Francach




**AGUS**

(b) Déan staidéar ar an oscailt ríle seo thíos.

- Comhlánaigh an chéad mhír.
- Cum mír fhreagrach, a chríochnaíonn ar an ngléasnóta i.e. dó.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach do do shéis ón liosta seo a leanas:

☐ fliúit ☐ cláirnéid ☐ trumpa ☐ fliúit Shasanach fhorshéise ☐ corn Francach



**(40)**

## ROINN B – ARMÓIN (60 marc)

*Gan ach* CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo*: C4 *nó* C5 *nó* C6

## C4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DOIRD Ó SHRAITH CORDAÍ


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo ( I, ii, IV, V, agus vi) i ngreille an chordbhainc, é sin *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail chorda | D | | F♯m | | | | C♯dim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |



- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Agus úsáid á baint agat as na rithimí a thugtar, cum nótaí séise agus doird chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chomhlánú mar seo a leanas:

  (i) Ag A, dúnadh BRISTE le réamhchorda (IV—V—vi)

  (ii) Ag B, dúnadh NEAMHFHOIRFE le réamhchorda (I—IV—V)

  (iii) Ag C, dúnadh TÁNAISTEACH le réamhchorda (vi—IV—I)

  (iv) Ag D, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii—V—I)





**(60)**

## C5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V, vi) i ngreille an chordbhainc, é sin *nó* ar an gcliath a thugtar thíos. Tugtar an chéad chorda.

| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail chorda | G | | Bm | | | | F♯dim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |



- Déan staidéar ar an dréacht seo a leanas.
- Cuir isteach dordnótaí oiriúnacha agus comharthaí corda chun na dúntaí ag A, B, C, agus D a chomhlánú.
- Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* uimhreacha Rómhánacha, ach ná baintear úsáid astu araon.





**(60)**

## C6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ann sa ghléas seo (I, ii, IV, V, vi) i ngreille an chordbhainc, é sin *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
| Siombail chorda | F | | Am | | | | Edim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |



- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.

- Cuir isteach cordaí dúnta agus nótaí forshéise oiriúnacha ag A, B, C agus D chun na deirí míre a chomhlánú.

- Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* uimhreacha Rómhánacha, ach ná baintear úsáid astu araon.

- Má roghnaíonn tú uimhreacha Rómhánacha, ní foláir duit úsáid a bhaint as *mionuimhreacha Rómhánacha* do na *mionchordaí* (ii, vi).




**(60)**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

380

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2000

**M51T**

**SCRÚDUIMHIR** ☛

**CEOL - GNÁTHLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT (100 marc)**

**DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH - MAIDIN, 9. 30 go dtí 11.00**

STAMPA AN IONAID
(Centre Stamp)

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |


## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❐ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht samplach. Muna féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- ❐ *Bíodh cluas le héisteacht agat don ghíog rabhaidh agus do na fógraí ar an téip.*
- ❐ *Is féidir leat do chuid freagraí a scríobh de réir mar is toil leat féin, le linn an taifeadaidh nó le linn na sosanna.*
- ❐ *Scríobh do chuid freagraí go léir san fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. Sna ceisteanna ina dtugtar rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❐ *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil do shracobair.*
- ❐ *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- ❐ *Níl cead labhairt, cnagadh, canadh nó crónán a dhéanamh le linn an scrúdaithe seo.*


**C1** Sliocht as *Cantáid* 78 de chuid Bach

- Cloisfidh tú é uair amháin ina iomláine agus ansin déanfar gach rannóg (A, B agus C) a athsheinm TRÍ huaire.
- Is é atá sa cheol ná líne shingil laghdaithe thíos.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3:

**A (Barraí 1–8)**



**B (Barraí 8–36)**




**C (Barraí 36–50)**



**Cuid A, (Barraí 1–8)**

(i) Cén ghluaiseacht ónar tógadh an sliocht seo?

❒ 1ú ❒ 2ú ❒ 4ú

(ii) Is iad na trí uirlis a sheinneann sna barraí tosaigh seo ná:

❒ orgán, dordveidhil agus veidhlín

❒ clárchruit, dordveidhil agus basún

❒ pianó, dordveidhil agus veidhlín

(iii) Tugtar dord figiúrtha ar na figiúirí faoi na nótaí. Mínigh.

-----------------------------------------------

-----------------------------------------------

**Cuid B, (Barraí 8–36)**

(i) Is é an chéad ghuth a chloistear (barra 9) ná:

❒ alt ❒ teanór ❒ soprán

(ii) Cuir isteach an rithim atá ar iarraidh sa scór i mbarraí 25 agus 26

(iii) Is é an dúnadh a chuireann deireadh leis an rannóg seo ná:

❒ foirfe (V—I) ❒ neamhfhoirfe (I—V) ❒ briste (V—vi)

**Cuid C, (Barraí 36–50)**

(i) Ag na focail '*zu dir*' i mbarra 42, tá an tionlacan:

❒ tostach ❒ ag coinneáil nóta fhada ❒ ag seinm nótaí tapa

(ii) Cén chaoi a seinntear páirt an doird i rith na gluaiseachta?

-----------------------------------------------

(iii) Ainmnigh gluaiseacht eile ón gcantáid seo:

-----------------------------------------------

Sainaithin difríocht amháin idir an ghluaiseacht atá ainmnithe agat agus an ghluaiseacht atá cloiste agat ar an téip.

-----------------------------------------------

-----------------------------------------------

**(25)**

**C.2** Déanfar sliocht as *Ceathairéad uimh. 1 do Phianó* de chuid Ghearóid de Barra a sheinm TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Tugtar imlíne an scóir thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Is iad an dá uirlis a sheinneann i dtús an tsleachta ná:

☐ vióla agus dordveidhil ☐ veidhlín agus pianó ☐ veidhlín agus dordveidhil

(ii) Seinneann an dá uirlis seo i gcanóin. Mínigh.

________________________________________

________________________________________

(iii) Cén uirlis a thagann isteach i mbarra 542?

____________________

(iv) Iarrtar ar na ceoltóirí an ceol a sheinm *molto flautando*. Mínigh.

________________________________________

________________________________________

(v) Tá an rannóg seo bunaithe ar an bhfonn *Lord Mayo's Delight*. Ainmnigh fonn Gaelach eile a mbaineann de Barra úsáid as sa saothar seo.

____________________

**(10)**

**C 3** Déanfar sliocht as *Rapsóid Bhoihéimeach* de chuid Queen a sheinm TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an t-aonréad uirlise:

____________________

(ii) Ainmnigh ceithre cinn de na huirlisí tacaíochta a chloistear sa sliocht seo:

__________ __________ __________ __________

(iii) Ainmnigh agus tabhair míniú gairid ar aon teicníc uirlise a úsáidtear san aonréad seo:

__________________________________________________

__________________________________________________

(iv) Is é an cur síos is fearr ar stíl an tsleachta seo ná:

☐ snagcheol ☐ roc ☐ bailéad ☐ ceoldrámach

(v) Tugtar struchtúr iomlán *Rapsóid Bhoihéimeach* anseo thíos.
Léirigh cá bhfuil an sliocht seo le fáil:

☐ iontreoir
☐ príomhamhrán
☐ alt ceangail
☐ mír cheoldrámach
☐ alt ceangail
☐ dara amhrán
☐ athfhoilsiú agus coda

**(10)**

**C 4** Déanfar sliocht ó Réamhcheol Fantaise *Romeo agus Juliet* de chuid Tchaikovsky a sheinm TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Is é atá sa cheol ná líne shingil laghdaithe thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Is iad an dá uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo ná:

☐ corn Francach agus dordveidhil ☐ corn Sasanach agus vióla ☐ basún agus veidhlín

(ii) Cén *dá* uirlis ar a seinntear pizzicato (stoite) sa sliocht seo?

____________ ____________

(iii) Is é a thugtar air seo ná:

☐ téama an Bhráthar Labhrás ☐ téama an Aighnis ☐ téama an Ghrá

(iv) Sa sliocht seo, is é a sheinntear ar na coirn ná:

☐ arpéitsí ☐ cordaí sioncóipithe ☐ sleachta scálaí

(v) Is í an ionstraimíocht sa sliocht seo ná:

☐ lán-cheolfhoireann

☐ téaduirlisí, prásuirlisí agus gaothuirlisí adhmaid

☐ téaduirlisí, prásuirlisí agus cnaguirlisí

**(10)**

**C 5 Ceol Gaelach.** Tá an cheist seo bunaithe ar thrí leagan den fhonn *Ansacht na nAnsacht*. Tugtar an fonn thíos. Freagair **A, B** agus **C**.




**A.** Cloisfidh tú sliocht a haon á chasadh TRÍ huaire.

(i) Is sampla é an fonn seo de:

❒ bailéad ❒ amhrán ar an sean-nós ❒ popamhrán ❒ amhrán tíre nua-aimseartha

(ii) Is í foirm an amhráin ná:

❒ AABB ❒ ABBA ❒ ABCD ❒ AAAB

(ii) Sanaithin gné amháin de stíl na hamhránaíochta sa sliocht:

__________________________________________

__________________________________________

**B.** Cloisfidh tú sliocht a dó á chasadh TRÍ huaire.

(i) Maidir leis an amhránaíocht sa sliocht seo:

❒ níl ornáidiú ann ❒ tá roinnt ornáidithe ann ❒ tá mórán ornáidithe ann

(ii) Cén uirlis ar a seinntear an pháirt aonair i dtús an tsleachta seo?

❒ feadóg íseal ❒ fidil ❒ bosca ceoil ❒ méarchlár

(iii) Ainmnigh trí uirlis eile ar an taifeadadh:

_____________ _____________ _____________

**C.** Cloisfidh tú sliocht a trí á chasadh TRÍ huaire.

(i) Is é an cineál ceoil is mó a chuaigh i gcion ar an taifeadadh seo ná:

❒ snagcheol ❒ popcheol ❒ ceol traidisiúnta na hÉireann ❒ ceol clasaiceach

(ii) Tabhair dhá chúis le do fhreagra:

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Rinneadh an taifeadadh seo sna:

❒ fichidí ❒ seascaidí ❒ nóchaidí

**(25)**

**C 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar **dhá** shliocht ón réamhcheol leis an gceolra *Annie Get Your Gun* de chuid Irving Berlin.

• Freagair **A** agus **B**.

**A.** Déanfar an sliocht a sheinm TRÍ huaire.




(i) Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis:

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Tá an ceol i mórghléas F. Cuir isteach an gléaschomhartha agus an t-amchomhartha atá ar iarraidh sa scór.

(iii) Is é an corda sa bharra tosaigh (barra 21) ná:

❐ F ❐ Dm ❐ B♭

(iv) Tá an mhír thosaigh marcáilte ar an scór. Cuir 'X' sa scór mar a ndéantar an mhír seo a athsheinm (le nóta amháin athraithe).

(v) Is é an dúnadh i ndeireadh an tsleachta ná:

❐ foirfe (V–I) ❐ neamhfhoirfe (IV–I) ❐ briste (V–vi)

**B.** Déanfar an chéad sliocht a sheinm TRÍ huaire.




(i) Tá an tséis scríofa i mórghléas D. Cuir isteach an gléaschomhartha agus an t-amchomhartha atá ar iarraidh sa scór.

(ii) Is í stíl an tsleachta seo ná:

❐ válsa ❐ port ❐ máirseáil ❐ cornphíopa

(iii) Agus úsáid á baint agat as an rithim a thugtar, cuir an airde isteach do na ceithre nóta atá ar iarraidh i mbarraí 118 agus 123.

(iv) Is é an dúnadh atá ann idir barraí 129 agus 130 ná:

❐ foirfe (V–I) ❐ neamhfhoirfe (I–V) ❐ briste (V–vi)

(v) Is í an uirlis ar a seinntear an glissandó (sleamhnán) ná:

❐ pianó ❐ cláirseach ❐ veidhlín ❐ giotár

**(20)**